AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA
SCRÚDÚ ARDTEISTIMÉIREACHTA, 2002

386

# *Staidéar Foirgníochta*

## *Teoiric - Gnáthleibhéal*

*(200 Marc)*


***Dé Céadaoin, 19 Meitheamh***
***Tráthnóna, 2.00 go dtí 4.30***

**(a)** *Freagair* **Ceist 1** *agus* **trí** *cheist eile.*
**(b)** *Tá na ceisteanna go léir ar aon mharc.*
**(c)** *Ní mór na freagraí a scríobh i ndúch.*
**(d)** *Ní mór na líníochtaí agus na sceitsí a dhéanamh le peann luaidhe.*
**(e)** *Scríobh uimhir na ceiste go soiléir roimh gach freagra ar leith.*
**(f)** *Ba chóir saorsceitsí nó léaráidí a dhéanamh chun tuairiscí scríofa a léiriú.*
**(g)** *Ní mór ainm, méideanna, toisí agus sonraí riachtanacha eile i gcás gach ábhar ar leith a luaitear a bhreacadh ar an líníocht.*

**1.** De réir scála 1:5, tarraing gearradh ceartingearach trí urlár crochta adhmaid ar leibhéal na talún agus trí bhalla sheachtrach ualachiompartha a dhéantar as bloic choincréite.
Is gnáthbhalla é le cuasbhalla 300mm inslithe agus an dá éadan air plástráilte.

Tá an gearradh le tógáil ó íochtar an fhotha go dtí 300mm os cionn leibhéal an urláir chríochnaithe agus ba chóir na sonraí tógála uile a thaispeáint.


**2.** **(a)** Ag baint úsáide as ***léaráid le lipéid,*** sceitseáil córas le huisce **fuar** a chur ar fáil d'fholcadán mar a thaispeántar.
Cuir isteach sa sceitse an phíobobair, an t-umar stórála don uisce agus na comhlaí uile atá riachtanach.



**(b)** Déan cur síos, ag baint úsáide as ***nótaí agus sceitsí néata saorláimhe***, ar réamhchúram **amháin** ba chóir a thógáil le píobobair chopair a chosaint ar shioc.

**3.** Taispeánann an léaráid cuid den phíobobair shéarachais ó theach cónaithe go humar múnlaigh. Ag baint úsáide as ***nótaí agus sceitsí néata saorláimhe***, déan cur síos ar an gcaoi a leagtar amach an trinse agus a leagtar na píobáin, faoi **gach** ceannteideal díobh seo a leanas:

(i) Tochailt an trinse;
(ii) Doimhneacht agus leithead an trinse;
(iii) Sábháilteacht;
(iv) Fána nó grádán an trinse;
(v) Píobobair;
(vi) Cúl-líonadh.



**4.** **(a)** De réir scála 1:10, tarraing gearradh ceartingearach trí leac fuinneoige choincréite i ngnáth-chuasbhalla bloc 300mm inslithe seachtrach.
*(Ní gá fráma na fuinneoige a chur isteach)*

**(b)** Cuir isteach sonraí dearaidh ar do líníocht chun cabhrú le cosc a chur le **gach ceann** díobh seo a leanas:

(i) Uisce a théann chomh fada leis an mballa díreach faoin leac;
(ii) Taise a théann chomh fada leis an duille istigh den chuasbhalla.

5. **(a)** Mínigh go cruinn **gach ceann** de na téarmaí seo a leanas mar a bhaineann siad le coincréit:

(i) Comhbhailithe;
(ii) Cóimheas uisce / stroighne;
(iii) Tástáil mheatha;
(iv) Coincréit threisithe.

**(b)** Tabhair **dhá** shampla ina n-úsáidfí coincréit threisithe agus teach cónaithe á thógáil.

Scríobh nóta gearr ar an úsáid a bhaintear as coincréit threisithe i **ngach** ionad a thoghtar.

6. **(a)** Ceithre chomhartha shábháilteachta a bhíonn in úsáid go coitianta sa tionscal tógála iad seo a leanas:

(i)




(ii)



(iii)



(iv)



Luaigh go soiléir an míniú atá le gach ceann de na comharthaí sábháilteachta thuas.


**(b)** Liostaigh **dhá** réamhchúram sábháilteachta ba chóir a dhéanamh agus uirlisí le cumhacht leictreach á n-úsáid lasmuigh.

**(c)** Ag baint úsáide as ***nótaí agus sceitsí néata saorláimhe***, déan cur síos ar **thrí** réamhchúram sábháilteachta ba chóir a dhéanamh nuair a bhíonn scafalra á úsáid ar láithreán tógála agus mínigh go gearr an fáth atá le **gach** réamhchúram.

7. Mínigh, le cúnamh nótaí agus ***sceitsí néata saorláimhe***, **cúig** cinn ar bith de na téarmaí seo a leanas mar a bhaineann siad le teicneolaíocht thógála:

(i) Giarsa urláir;
(ii) Teanntóga soladacha nó Droicheadú;
(iii) Próifíl;
(iv) Cúrsa Taisdíonach (D.P.C.);
(v) Taobhán;
(vi) Cláir urláir le teanga agus eitre;
(vii) Plástarchlár.

**8.** **(a)** Nuair a bhíonn adhmad úr á úsáid lasmuigh, mar shampla i gcás éadanchlár mar a thaispeántar sa léaráid, is gá é a réiteach agus a phéinteáil i gceart.
Mínigh go cruinn an tsraith cheart oibríochtaí chun adhmad mar seo a réiteach agus a phéinteáil.



**(b)** Liostaigh agus mínigh **dhá** réamhchúram sláinte ba chóir a dhéanamh nuair a bhíonn ábhar leasaitheach á chur ar adhmad.

**9.** **(a)** Ag baint úsáide as ***nótaí agus sceitsí néata saorláimhe***, taispeáin an t-insliú teirmeach i **ngach ceann** de na suímh seo a leanas:

(i) díon claonta;
(ii) cuasbhalla bloc seachtrach.

**(b)** Luaigh an cineál inslithe agus an tiús ba chóir a úsáid i **ngach ceann** de na suímh thuas.